An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

# Seirbhísí dlí a sholáthar go díreach do chliaint nach aturnaetha i nithe neamhchointinneacha

## *Treoirnóta d'Abhcóidí*

# Clár Ábhar

1. Réamhrá ... 1
2. Cad is Ní Cointinneach ann? ... 2
3 Treoir tar éis Teagasca Díreacha a Fháil i Nithe Neamhchointinneacha ... 3
4. Breithniúcháin Eile ... 5
5. Aguisín 1 ... 6

# 1. Réamhrá

1.1 Is é cuspóir an Treoirnóta seo faisnéis a thabhairt d'abhcóidí maidir le seirbhísí dlí a sholáthar i nithe neamhchointinneacha go díreach do dhuine nach aturnae.

1.2 Tosaíodh alt 101 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (arna leasú) (dá ngairtear "an tAcht" anseo feasta), an 25 Meán Fómhair 2024 agus sonraítear an méid seo a leanas ann:

> *"Ní oibreoidh aon chód gairmiúil chun abhcóide a chosc ar sheirbhísí dlí a sholáthar mar abhcóide cleachtach i ndáil le ní, seachas ní cointinneach, i gcás go bhfuarthas a theagasc nó a teagasc ar an ní sin go díreach ó dhuine nach aturnae."*

1.3 D'eisigh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (dá ngairtear "ÚRSD" anseo feasta) *Cód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha* a tháinig i bhfeidhm an 26 Meán Fómhair 2024 (dá ngairtear "an Cód" anseo feasta), tar éis dó dul i gcomhairle leis na comhlachtaí gairmiúla iomchuí agus le páirtithe leasmhara eile agus tar éis dó na haighneachtaí uathu sin a fháil agus a bhreithniú. Sa Treoirnóta seo, tugtar tuilleadh faisnéise d'abhcóidí maidir le halt 101 den Acht agus maidir leis an gCód, go háirithe foráil 3.12 den Chód.

1.4 Sonraítear an méid seo a leanas, i measc nithe eile, i bhforáil 3.12 den Chód:

> *"I nithe cointinneacha, mar a mhínítear san Acht, ní ghlacfaidh abhcóide cleachtach teagasca go díreach ó chliant. I ndáil le ní, seachas ní cointinneach, áfach, féadfaidh abhcóide cleachtach glacadh le teagasca ó dhuine nach aturnae."*

1.5 Faoi alt 120 den Acht, ceanglaítear ar ÚRSD gabháil do phróiseas comhchomhairliúcháin phoiblí maidir le srianta maidir le habhcóide d'fháil teagasc i ní cointinneach, go díreach ó dhuine nach aturnae, a choinneáil nó a bhaint agus maidir leis na hathchóirithe, cibé acu is athchóirithe riaracháin, athchóirithe reachtacha nó athchóirithe ar chóid ghairmiúla láithreacha, is gá a dhéanamh i gcás go gcoinneofar na srianta nó, de réir mar a bheidh, go mbainfear iad.

1.6 Sheol ÚRSD próiseas comhchomhairliúcháin phoiblí i gcomhréir le halt 120 den Acht agus, tar éis dó dul i gcomhairle leis an bpobal agus le heagraíochtaí agus tar éis dó uiríll uathu sin a fháil agus a bhreithniú, d'ullmhaigh ÚRSD tuarascáil don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais dar teideal "*Certain Issues Relating to Barristers*" dar dáta an 29 Meán Fómhair 2017. Tá an tuarascáil sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin ÚRSD ag an nasc seo.

**Is féidir go ndéanfar an treoirnóta seo a nuashonrú sa todhchaí. Tá an treoirnóta seo gan dochar do na hoibleagáidí rialála agus reachtúla atá ar abhcóidí agus do dhualgais an dlí choitinn, agus níl sé beartaithe a bheith ina threoir uileghabhálach maidir le halt 101 den Acht.**

## 2. Cad is Ní Cointinneach ann?

2.1 Tugtar in alt 99 den Acht brí an téarma *"ní cointinneach"* i gCuid 8 den Acht (tá alt 101 i gCuid 8 den Acht freisin).

2.2 Sonraítear an méid seo a leanas in alt 99:

> *'ciallaíonn "ní cointinneach" ní a eascraíonn le linn imeachtaí, agus a bhaineann le hábhar imeachtaí, os comhair aon chúirt, binse nó comhlacht nó duine eile a ndéantar cearta agus oibleagáidí dlíthiúla faoi seach dhá pháirtí nó níos mó a chinneadh os a comhair nó os a chomhair, agus ar páirtí iontu an duine a thugann teagasc don abhcóide cleachtach.'*

2.3 Ba cheart d'abhcóidí a dheimhniú dóibh féin nach ní cointinneach é an ní sula nglacann siad le teagasca go díreach ó dhuine nach aturnae. I bhformhór na gcásanna, beidh sé soiléir d'abhcóide an bhfuil ní cointinneach nó an bhfuil sé neamhchointinneach. Is féidir, áfach, go mbeidh cásanna ann nach bhfuil abhcóide cinnte maidir le cé acu a mheastar nithe áirithe a bheith cointinneach nó nach meastar.

2.4 Is féidir go mbeidh fonn ar abhcóidí aird a thabhairt ar thagairtí eile do ní cointinneach nó do ní eile laistigh den Acht agus lasmuigh den Acht.

2.5 Áirítear iad seo a leanas leis na tagairtí dá samhail do nithe cointinneacha nó nithe eile laistigh den Acht:

- In alt 138, tuairiscítear an bhrí le "gnó cointinneach" i gCuid 10 den Acht mar a leanas:

  *'ciallaíonn "gnó cointinneach" seirbhísí dlí a sholáthraíonn dlí-chleachtóir chun críocha, nó in oirchill, imeachtaí os comhair cúirte, binse nó comhlacht eile nó os comhair an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta nó eadránaí arna cheapadh nó arna ceapadh faoin Acht Eadrána, 2010, nó i dtaca le headráin, le hidirghabháil nó le comhréiteach'.*

- Sonraítear in alt 149 nach bhféadfaidh aturnae, i nithe cointinneacha, seachas nithe bailithe fiach, muirir a ríomh mar chéatadán nó cion sonraithe d'aon damáistí nó airgead eile a d'fhéadfadh teacht chun bheith iníoctha leis an gcliant.

2.6 Áirítear iad seo a leanas, mar shampla, le tagairtí dá samhail do nithe cointinneacha lasmuigh den Acht (agus ní liosta uileghabhálach é seo):

- Tagraítear in Orduithe 40, 63, 79 agus 80 de Rialacha na nUaschúirteanna gur féidir le nithe probháide a bheith cointinneach agus neamhchointinneach.

- San Acht Aturnaetha (Leasú), 1994 (arna leasú), mínítear "gnó cointinneach" mar a leanas:

  *'ciallaíonn "gnó cointinneach" gnó arna dhéanamh ag aturnae in imeachtaí, nó chun críocha nó in oirchill imeachtaí, os comhair cúirte nó binse nó os comhair eadránaí arna cheapadh faoi na hAchtanna Eadrána, 1954 agus 1980.'*

2.7 Is féidir freisin go mbeidh fonn ar abhcóidí aird a thabhairt ar na breitheanna i gcásanna *Bond v Dunne* [2017] IEHC 646 agus *Mallon v An tAire Dlí agus Cirt agus Daoine Eile* [2025] IEHC 125 a mhéid a bhaineann siad leis an rochtain dhíreach atá ag cliaint ar abhcóidí agus le nithe cointinneacha.

# 3. Treoir tar éis Teagasca Díreacha a Fháil i Nithe Neamhchointinneacha

## Breithniúcháin Leanúnacha

### Ginearálta

3.1 Aon abhcóide a bhfuil sé beartaithe aige nó aici seirbhísí dlí a sholáthar, nó atá ag soláthar seirbhísí dlí, i ndáil le ní neamhchointinneach ar theagasca a fháil go díreach ó chliant, ní mór dó nó di cloí le forálacha an Achta agus an Chóid.

3.2 Is é seo a leanas liosta neamh-uileghabhálach de na nithe laistigh den Acht agus den Chód a d'fhéadfadh a bheith níos iomchuí d'abhcóidí a bhfuil sé beartaithe acu seirbhísí dlí a sholáthar, nó atá ag soláthar seirbhísí dlí, go díreach do chliaint:

- Árachas Slánaíochta Gairmiúla
- Oibleagáidí bunúsacha, lena n-áirítear Prionsabail Ghairmiúla, Pribhléid agus Rúndacht
- Cosaint sonraí
- Coinbhleachtaí leasa
- Fógraíocht
- Oideachas dlí leantach
- Frithsciúradh airgid

### Nithe Neamhchointinneacha

3.3 Ní ceadmhach d'abhcóide glacadh le teagasca go díreach ó chliant i nithe cointinneacha.

3.4 Aon abhcóide a bhfuil sé beartaithe aige nó aici seirbhísí dlí a sholáthar ar theagasca a fháil go díreach ó chliant, ní mór dó nó di a dheimhniú dó/di féin nach ní cointinneach é an ní.

3.5 Ina theannta sin, a luaithe a ghlactar le teagasca, ní mór d'abhcóide leanúint lena dheimhniú dó/di féin nár tháinig an ní chun bheith cointinneach.

### Teanga Shimplí

3.6 Is féidir go dtiocfaidh abhcóidí chun bheith cleachta le cumarsáid a dhéanamh go díreach le cliaint i láthair aturnaetha teagaisc a bhfuil saineolas dlí agus scileanna bainistíochta dírí cliant acu. Aon abhcóide a bhfuil sé beartaithe aige nó aici seirbhísí dlí a sholáthar go díreach do chliant, ba cheart dó nó di a bheith ar an eolas i gcónaí gur féidir nach mbeidh eolas dlí ag an gcliant. Ba cheart aon chumarsáid leis an gcliant a dhéanamh i dteanga shimplí agus ba cheart téarmaíocht dhlíthiúil a mhíniú don chliant ionas go ndéanfar an soláthar seirbhísí dlí do chliaint go díreach ar bhealach atá cuí agus inniúil.

**Roimh Theagasca a Fháil agus ar Theagasca a Fháil**

3.7 Roimh theagasca a fháil nó ar theagasca a fháil, ba cheart d'abhcóide míniú a thabhairt don chliant ionchasach ar na difríochtaí idir abhcóide agus aturnae agus ar na teorainneacha leis na seirbhísí a fhéadfaidh abhcóide a sholáthar do chliant atá ag tabhairt teagasc don abhcóide gan seirbhísí aturnae a fhostú.

3.8 I gcás go bhfaighfear teagasca díreacha ó bhéal, ba cheart d'abhcóide iarraidh ar chliant ionchasach na teagasca sin a leagan amach i scríbhinn ionas go mbeidh an t-abhcóide in ann tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar na teagasca sula ngabhfaidh sé nó sí air nó uirthi féin glacadh leis na teagasca.

3.9 Sula soláthraíonn abhcóide seirbhísí dlí go díreach do chliant, ba cheart dó nó di a chur in iúl don chliant nach bhfuil na seirbhísí dlí á soláthar go dtí go ndeimhníonn an t-abhcóide amhlaidh.

3.10 Sula soláthraíonn abhcóide seirbhísí dlí go díreach do chliant, ba cheart dó nó di breithniú cuí a dhéanamh ar an ionchas go bhfaigheadh sé nó sí luach saothair agus go ngnóthódh sé nó sí an céanna.

3.11 De bhun alt 150 den Acht, ní mór d'abhcóide, ar theagasca a fháil go díreach ó chliant, nó a luaithe a thagann sé chun bheith indéanta, fógra a sholáthar don chliant ina bhfuil faisnéis shonrach maidir le costais dlí ("fógra alt 150"). Ní mór d'abhcóide eolas a chur ar na ceanglais a leagtar amach faoi alt 150 den Acht.

3.12 Is féidir tuilleadh treorach maidir le fógraí alt 150 a fháil in 'Aguisín 1' atá i gceangal leis an Treoirnóta seo agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚRSD ag www.lsra.ie.

3.13 Ar theagasca díreacha a fháil ó chliant, ba cheart d'abhcóide na teagasca sin a dheimhniú i scríbhinn. Féadfar fógra alt 150 don chliant a bheith le fáil sna litreacha sin freisin, agus iad ag comhlíonadh gach oibleagáide eile de bhun an ailt sin. Féadfaidh abhcóide a dheimhniú don chliant freisin gur tosaíodh an soláthar seirbhísí dlí.

3.14 A luaithe a ghlactar le teagasca, ní mór d'abhcóide leanúint lena dheimhniú dó/di féin nár tháinig an ní chun bheith cointinneach. I gcás go dtiocfaidh ní chun bheith cointinneach, ba cheart d'abhcóide scor láithreach de ghníomhú thar ceann an chliaint i ndáil leis an ní cointinneach agus ba cheart dó nó di a mhíniú don chliant cén fáth nach bhféadfaidh an t-abhcóide gníomhú thar ceann an chliaint a thuilleadh i ndáil leis an ní cointinneach. Ba cheart d'abhcóide a chur in iúl don chliant go bhféadfaidh an cliant seirbhísí aturnae a lorg le haghaidh an ní chointinnigh.

3.15 Tar éis dó nó di críoch a chur le seirbhísí dlí a sholáthar go díreach do chliant i ndáil le ní neamhchointinneach, ní mór d'abhcóide, a luaithe is indéanta, bille costas a ullmhú agus a shíniú agus é a sheoladh chuig an gcliant de bhun alt 152 den Acht, agus na hoibleagáidí eile uile de bhun an ailt sin á gcomhlíonadh aige nó aici.

## 4. Breithniúcháin Eile

### An tAcht um Stádas Comhionann, 2000 (arna leasú)

4.1 Ní thugtar aon mhíniú ar an bhfocal *"cliant"* in Acht 2015. Níl aon oibleagáid ar abhcóidí glacadh le teagasca go díreach ó chliant ach ní ceadmhach dóibh diúltú glacadh le teagasca a r aon cheann de na forais idirdhealaitheacha a leagtar amach san Acht um Stádas Comhionann, 2000 (arna leasú).

### Nithe neamhchointinneacha ar gá airgead a shealbhú thar ceann cliant ina leith

4.2 Toirmeasctar ar abhcóidí airgead cliant a shealbhú de bhun alt 45(1) den Acht, ina sonraítear an méid seo a leanas:

*"Faoi réir fho-alt (2), ní shealbhóidh dlí-chleachtóir airgead cliant mura aturnae an dlí-chleachtóir sin."*

4.3 Tá réimsí cleachtais ar leith ann inar minic is gá d'aturnaetha airgead a shealbhú thar ceann cliaint. Is minice a tharlaíonn sé sin i réimsí an tíolactha, na probháide agus na dlíthíochta. Aon abhcóide a sholáthraíonn seirbhísí dlí ar theagasca a fhaightear go díreach ó chliant, ní mór dó nó di a chinntiú nach sealbhaíonn sé nó sí airgead cliant.

# Aguisín 1

**Fógraí Alt 150**

Tosaíodh alt 150 den Acht an 7 Deireadh Fómhair 2019. De bhun alt 150 den Acht, ní mór do dhlí-chleachtóirí fógra a thabhairt dá gcliaint faoi chostais na seirbhísí dlí agus a chinntiú go gcoinneofar a gcliaint ar an eolas ar bhonn leanúnach.

### Cén chríoch a ndéantar an fhoráil maidir le trédhearcacht costas ina leith?

Is é cuspóir Chuid 10 den Acht na táillí dlí agus na costais dlí a mhuirearaíonn abhcóidí a dhéanamh níos trédhearcaí do chliaint trí cheangal a chur ar abhcóidí fógra a thabhairt dóibh roimh ré faoi na costais ar dóigh go dtabhófar iad i leith na seirbhíse dlí nó na comhairle dlí a theastaíonn uathu. Leis sin, cumasaítear do chliaint buiséadú agus pleanáil a dhéanamh roimh ré le haghaidh na gcaiteachas sin.

### Cé na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh alt 150 den Acht?

**Gearán le ÚRSD**

Ceann amháin de na forais ar a bhféadfaidh cliaint gearán a dhéanamh leis an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí faoi abhcóide is ea gurb iomarcach atá nó a bhí méid na gcostas a d'iarr abhcóide i leith seirbhísí dlí a sholáthair an t-abhcóide don chliant.

Agus gearán den sórt sin á imscrúdú aige, éileoidh ÚRSD ar an abhcóide cóipeanna de na litreacha uile a seoladh i gcomhréir le halt 150 den Acht a sholáthar.

Is féidir freisin gurb ionann agus mí-iompar méid costas atá ró-iomarcach a iarraidh i leith seirbhísí dlí a sholáthar. Agus cinneadh á dhéanamh aige ar cé acu a fhorchuirfear smachtbhanna ar an abhcóide nó a tharchuirfear an gearán chuig an mBinse Araíonachta Dlí-Chleachtóirí, cuirfidh an Coiste um Ghearáin de chuid ÚRSD soláthar fhógra alt 150 atá neamhdhóthanach nó an mhainneachtain fógra alt 150 a sholáthar a chur san áireamh mar thoisc sa chinneadh uaidh.

**Atreorú chuig an mBreithneoir Costas Dlí**

I gcás go dtarchuirfear bille costas chuig an mBreithneoir Costas Dlí, féadfaidh sé nó sí a chinneadh gan muirear a dheimhniú i ndáil le ní nó le mír murar cuireadh an ní nó an mhír ar áireamh i bhfógra alt 150 nó mura bhfuil an ní nó an mhír ina ábhar nó ina hábhar do chomhaontú dá dtagraítear in alt 151.

Mar sin féin, tá lánrogha ag an mBreithneoir Costas Dlí muirir a dheimhniú sna cásanna sin ina bhfuil sé nó sí den tuairim go gcruthófaí éagóir idir na páirtithe dá ndícheadófaí an ní nó an mhír.

### Conas a chomhlíonaim alt 150 den Acht?

Ceanglaítear ar abhcóidí le halt 150 fógra a sholáthar dá gcliaint a bheidh scríofa i dteanga shoiléir ar dóigh go dtuigfidh an cliant go héasca í.

- Ní mór a leagan amach ann freisin cé na costais dlí a thabhófar i ndáil leis an ní.

- Ní mór an fógra costas a eisiúint tar éis d’abhcóide teagasca a fháil ach sula dtosaíonn sé nó sí ag soláthar na seirbhíse dlí.

- I gcás nach bhfuil sé ‘indéanta le réasún’ d’abhcóide costais dlí a nochtadh tar éis teagasca tosaigh a fháil ó chliant, ní mór don abhcóide an bonn ar a bhfuil na costais dlí le ríomh a leagan amach, e.g., rátaí in aghaidh na huaire.

- A luaithe a thagann sé chun bheith indéanta déanamh amhlaidh, soláthróidh an t-abhcóide fógra don chliant ina leagfar amach cé na costais dlí a thabhófar.

### Cad ba cheart a bheith le fáil i bhfógra alt 150?

- Ba cheart mionsonraí a bheith le fáil i bhfógra alt 150 (nó ‘fógra costas’) faoi mhéid na gcostas dlí a tabhaíodh suas go dtí an dáta a sholáthraítear an fógra.
- Ba cheart mionsonraí a bheith le fáil ann faoi na costais dlí de chineál socraithe ar cinnte go dtabhófar iad agus faoi na costais dlí ar dóigh go dtabhófar iad.
- Mura mbeadh sé indéanta d’abhcóide costais dlí a dheimhniú, ba cheart an bonn ar a muirearófar iad a leagan amach ann.
- Ba cheart mionsonraí a bheith le fáil san fhógra faoin méid CBL atá le muirearú.

Ba cheart a leagan amach ann an bonn ar ar ríomhadh nó ar a ríomhfar na méideanna, faoi threoir na gcritéar seo a leanas:

- **Castacht agus úrnuacht** na saincheisteanna atá i gceist
- An **scil nó** an **saineolas** a úsáideadh
- An méid **ama agus saothair** a caitheadh le réasún
- An **phráinn a leag an cliant ar an ní**
- An **áit agus** na **himthosca** inar pléadh an ní
- **Líon, tábhacht agus castacht na ndoiciméad**
- Méideanna nó luachanna **an airgid, na maoine nó an leasa i maoin**
- Cé acu atá nó nach bhfuil **comhaontú ann le teorainn a chur le dliteanas** an abhcóide nó nach bhfuil
- Aon **obair thaighde nó imscrúdaithe** a rinneadh agus an t-am a caitheadh uirthi
- **Úsáid agus costais finnéithe saineolacha nó saineolais eile.**

- Maidir leis an oibleagáid atá ar an abhcóide fógra nua alt 150 a eisiúint chuig an gcliant i gcás go dtiocfaidh sé nó sí ar an eolas faoi aon toisc ar dá barr a bheadh na costais dlí ar dóigh go dtabhófar iad i bhfad níos airde ná na costais a nochtadh roimhe seo, ba cheart í a shonrú san fhógra.
- Ba cheart tréimhse “mharana” nach mó ná 10 lá oibre a leagan amach san fhógra costas freisin. Tá eisceachtaí ann ón tréimhse “mharana” sin.

## An bhfuil aon oibleagáidí breise ann faoi alt 150?

Tar éis fógra alt 150 a sholáthar do chliant, níor cheart d'abhcóide aon seirbhísí dlí a sholáthar i ndáil leis an ní lena mbaineann ar feadh na tréimhse a shonraítear san fhógra, mura rud é (agus ní liosta uileghabhálach é seo):

- go ndeimhníonn an cliant gur mian leis nó léi teagasc a thabhairt don abhcóide leanúint le seirbhísí dlí a sholáthar i ndáil leis an ní lena mbaineann,
- gurb amhlaidh, i dtuairim an abhcóide, a shárófaí ceanglas reachtúil nó na rialacha cúirte nó a dhéanfaí dochar do chearta an chliaint ar bhealach nach bhféadfaí a leigheas níos déanaí mura soláthrófaí na seirbhísí dlí sin,
- go n-ordaíonn cúirt don abhcóide seirbhísí dlí a sholáthar don chliant.

Má iarrann cliant soiléiriú maidir le fógra, ní mór d'abhcóide é sin a sholáthar a luaithe is indéanta le réasún.

## An bhféadfaidh mé comhaontú a dhéanamh le mo chliant fós i ndáil le costais dlí a íoc?

Féadfaidh abhcóide comhaontú a dhéanamh i scríbhinn maidir le méid na gcostas dlí atá iníoctha ag an gcliant leis an abhcóide i leith seirbhísí dlí nó maidir leis an modh íocaíochta i ndáil leis na costais dlí ar fad, nó cuid díobh, i leith seirbhísí dlí.

Ní gá fógra alt 150 ar leith a sholáthar de bhreis ar an gcomhaontú dlíthiúil maidir le costais i gcás go mbeidh na mionsonraí uile a cheanglaítear i bhfógra alt 150 (mar a leagtar amach in alt 150(4) den Acht) le fáil sa chomhaontú dlíthiúil.

CRÍOCH

Meitheamh 2025

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

Legal Services Regulatory Authority